Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10251/1/24**
**REV 1**

**SOC 392**
**EMPL 223**
**ECOFIN 603**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhchonclúidí i ndáil le Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún Eorpach<br>- *Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na príomhchonclúidí ó Thuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean, mar a chuir an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch orthu an 16 Bealtaine 2024. Cuirfidh Cathaoirleach an Choiste um Chosaint Shóisialta na príomhchonclúidí faoi bhráid na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí an 20 Meitheamh 2024 agus meastar go bhformhuineoidh an Chomhairle iad trí na Conclúidí ón gComhairle maidir le Leordhóthanacht Pinsean (10550/24).

Is féidir an tuarascáil iomlán a fháil in 10251/24 ADD 1.
Tá na próifílí tíre le fáil in 10251/24 ADD 2.

# TUARASCÁIL 2024 MAIDIR LE LEORDHÓTHANACHT PINSEAN

## PRÍOMHCHONCLÚIDÍ

I dTuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean arna hullmhú go comhpháirteach ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus ag an gCoimisiún Eorpach, tacaítear le hiarrachtaí náisiúnta chun ioncam leordhóthanach seanaoise a áirithiú, i gcomhréir le Prionsabal 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Déantar anailís sa tuarascáil ar an méid a áirithíonn córais phinsin ioncam leordhóthanach do dhaoine atá ar scor – is é sin **bochtaineacht seanaoise a chosc** agus **ioncam na bhfear agus na mban a chaomhnú le linn dóibh a bheith ar scor,** faoi láthair agus amach anseo araon. Bhí dúshláin urghnácha roimh shochaithe agus gheilleagair na hEorpa le sonrú sna 3 bliana roimh an eagrán reatha: paindéim COVID-19, tréimhse an bhoilscithe aird ina dhiaidh sin, agus ardú tobann ar chostais fuinnimh mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Idir an dá linn, tá dúshláin struchtúracha a bhaineann le meigithreochtaí, mar shampla an t-athrú déimeagrafach agus saol athraitheach na hoibre, chomh práinneach céanna agus a bhí riamh. Sa chomhthéacs sin, leagtar béim sa tuarascáil ar na príomhchonclúidí seo a leanas.

*– Tá an scéal mar atá maidir le leordhóthanacht pinsean measctha i gcónaí –*

1. **Tá méadú leanúnach ag teacht ar bhaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta do dhaoine scothaosta ó 2019 i leith, i ngeall ar an mbochtaineacht ioncaim choibhneasta a bhfuil méadú ag teacht uirthi, d’ainneoin laghdú a bheith ag teacht ar an díth ábharach agus shóisialta.** In 2022, bhí níos mó ná duine as gach cúigear atá 65 bliana d’aois nó níos sine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Aontas. Is ionann sin agus 18.5 milliún duine, líon atá ag fás mar gheall ar an ráta bochtaineachta a bhfuil ardú ag teacht air agus mar gheall ar aosú an daonra. Cé go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann idir tíortha, is airde na rioscaí bochtaineachta do mhná scothaosta ná d’fhir i ngach tír. **Is iondúil gur mó a bhíonn daoine scothaosta, go háirithe mná, i mbaol bochtaineachta.** In 2022, bhí beagnach bean amháin as gach ceathrar san Aontas atá 75 bliana d’aois nó níos sine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

2. **Tá ioncam daoine scothaosta san Aontas fós níos lú ná 90 % d'ioncam daoine in aois oibre ar an meán,** agus tá difríochtaí suntasacha ann idir mná agus fir agus idir tíortha. Cuimsíonn sochair phinsin, ar an meán, thart ar thrí chúigiú d'ioncam ó obair gairmréime deiridh. Tá laghdú tagtha ar neamhionannas ioncaim i measc daoine scothaosta ó bhí 2019 ann, rud a léiríonn, b'fhéidir, na bearta forleathana chun pinsinéirí ar ioncam íseal a chosaint le linn na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí.

3. **Tá moilliú ag teacht ar an méadú ar an ionchas saoil san Aontas le 10 mbliana anuas.** Ba mheasa fós an treocht fhadtéarmach sin mar thoradh ar mhortlaíocht mhínormálta le linn phaindéim COVID-19, toisc gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine scothaosta idir 2020 agus 2022 agus toisc gur thit an t-ionchas saoil ag 65 bliana d'aois. Mar sin féin, d'fhan sciar na mblianta dea-shláinte den ionchas saoil sa tseanaois cobhsaí ar an iomlán ar fud an Aontais ó thús an chéid.

4. **Ar an meán, is féidir le duine Eorpach a bheith ag súil le 21 bhliain dá shaol a chaitheamh ar scor agus pinsean á fháil.** Tá sé sin beagán níos lú ná mar a bhí in 2019 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Maireann an mheántréimhse faighte pinsin idir 15 bliana agus 25 bliana, rud a léiríonn na difríochtaí náisiúnta idir aois an phinsin agus an t-ionchas saoil. Tá an gaol idir fad an tsaoil oibre (41 bhliain ar an meán) agus an scor an-éagsúil ar fud AE-27 agus na hIorua.

5. **Is gnách go dtagann méadú ar an ngá atá le cúram sláinte agus le cúram fadtéarmach de réir mar a théann daoine in aois agus baineann riosca níos airde bochtaineachta leis sin. Dúshlán sóisialta ríthábhachtach i gcónaí is ea riachtanais chúraim a chumhdach sa tseanaois.** Is féidir leis na costais iomlána a bhaineann le cúram fadtéarmach gan cosaint shóisialta phoiblí a bheith an-ard i gcomparáid le hioncam pinsin daoine scothaosta, go háirithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais níos déine acu. Maireann mná níos faide i ndrochshláinte ná fir agus is minice a bhíonn cúram de dhíth orthu agus ioncam níos ísle acu. Tacaíonn córais cosanta sóisialta le caighdeáin mhaireachtála daoine scothaosta san Eoraip trí mheascáin éagsúla beartas, go háirithe pinsin agus forálacha cúraim fhadtéarmaigh. Córais a mbaineann leordhóthanacht íseal pinsean agus cumhdach íseal riachtanas cúraim fhadtéarmaigh leo, bíonn dúshláin ar leith rompu maidir le caighdeáin chuibhiúla mhaireachtála a chaomhnú do dhaoine scothaosta a bhfuil cúram de dhíth orthu.

*– Tá bearta breise á ndéanamh ag na Ballstáit chun an leordhóthanacht a chosaint, ach maidir leis an leordhóthanacht a bheidh ann amach anseo, tá sí faoi bhrú i gcónaí –*

6. **Le linn 2020-2023, tháinig athrú sealadach ar dhinimic athchóiriú na bpinsean mar gheall ar chomhthéacs na géarchéime, toisc gur chuir na Ballstáit uile bearta eisceachtúla agus sealadacha chun feidhme. Ag an am céanna, leanadh den treocht fhoriomlán i dtreo sásraí leordhóthanachta a fheabhsú ar bhonn buan.** Le linn an ama sin, áiríodh ar na príomhthreochtaí athchóirithe: rochtain a fheabhsú agus teidlíochtaí a fhabhrú; saol oibre níos faide agus scor níos déanaí a chur chun cinn trí dhreasachtaí dearfacha agus níos mó solúbthachta i gconairí scoir; agus líontáin sábhála in aghaidh na bochtaineachta a neartú trí athchóirithe a dhéanamh ar na sochair bhunúsacha agus íosta. Chuir roinnt Ballstát athchóirithe chun feidhme freisin lena bhfeabhsaítear ról na scéimeanna pinsin cistithe agus lena gcothaítear teidlíochtaí aonair.

7. **Tuartar go dtiocfaidh laghdú ar rátaí athsholáthair pinsean le haghaidh gairm ar leith sa dá scór bliain amach romhainn, rud a athdhearbhaíonn torthaí na hanailíse a rinneadh roimhe seo.** Fiú agus gnóthachain réamh-mheasta feadh na gairme agus méaduithe reachtacha san aois inphinsin á gcur san áireamh, tuartar go dtitfidh rátaí athsholáthair do mhná agus d’fhir araon i bhformhór na dtíortha, fiú má tá éagsúlacht mhór sna meastacháin ar mhéid an laghdaithe sin. Tá an méid sin ag teacht leis na hionsamhlúcháin a léiríonn go meastar go dtiocfaidh laghdú ar ioncam pinsin per capita. Is príomhthoisc i gcónaí í an aois scoir lena mínítear sochair phinsin reatha agus iad sin a bheidh ann amach anseo. Cé gur laghduithe sealadacha nó neamhshuntasacha pinsin is mó a bhíonn mar thoradh ar dhul ar scor 2 bhliain roimh an aois inphinsin, is gnách go mbíonn gnóthachain shuntasacha ag baint le bheith ag obair tar éis na haoise inphinsin ó thaobh ráta athsholáthair de.

*– tugann córais phinsin cosaint dóibh siúd atá i ngátar, ach tá bearnaí ann i gcónaí–*

8. **Déanann córais phinsin agus cánachas difear do leibhéal, do dháileadh agus d’athdháileadh ioncam scoir agus d’fhorbairt na leordhóthanachta amach anseo.** Tá ioncam pinsin fós dáilte ar bhealach níos cothroime ná ioncam ón obair. Tá rátaí athsholáthair pinsin níos airde ag saothraithe ar phá íseal i ngach tír, agus má bhíonn gairmréim ghearr agat, ní laghdaítear an ráta athsholáthair ar bhealach comhréireach, cé go bhféadfadh sé nach leor é sin i gcónaí chun daoine a thabhairt as an mbochtaineacht. Meastar go bhfanfaidh neamhionannas ioncaim sa tseanaois cobhsaí sna blianta amach romhainn.

9. **Ní chosnaíonn córais phinsin gach sos gairme ar bhealach cothrom.** I bhformhór na dtíortha, tá cosaint réasúnta maith ag sosanna cúraim leanaí, ach tá an laghdú pinsin le haghaidh dífhostaíochta beagán níos airde. Ní hionann an méid a chuirtear tréimhsí míchumais chun sochair ó thír go tír. Thabharfadh formhór na dtíortha cúiteamh as cúram a sholáthar do dhaoine cleithiúnacha den teaghlach agus dheonóidís pinsean atá níos ísle, ar éigean, ná an pinsean le haghaidh gairmréim gan bhriseadh.

*– Cruthaíonn neamhionannais mharthanacha dúshláin do bheartais phinsin –*

10. **Is mná iad formhór na ndaoine scothaosta, rud a fhágann gur dúshlán sóisialta ar leith iad bearnaí inscne sa tseanaois.** Méadaítear baol na bochtaineachta do mhná, i gcomparáid le fir, agus iad singil sa tseanaois. Cé go bhfuil an difríocht idir meánphinsean na bhfear agus meánphinsean na mban ag laghdú i gcónaí, is fianaise iad na bearnaí inscne atá ann fós maidir le bochtaineacht seanaoise, méid na bpinsean agus cumhdach pinsean ar neamhionannais mharthanacha. Eascraíonn an bhearna phinsin idir na hinscní (26 % ar leibhéal an Aontais in 2022) as na difríochtaí carntha feadh na gairmréime: pá níos ísle do mhná; gairmeacha níos giorra agus/nó gairmeacha a gcuirtear isteach orthu, lena n-áirítear mar gheall ar oibleagáidí cúraim; agus níos mó obair pháirtaimseartha. Is féidir le litearthacht airgeadais níos ísle cur isteach ar phleanáil scoir na mban, rud a éilíonn bearta oideachais airgeadais agus trédhearcachta pinsin.

11. **Is dúshlán do bheartais phinsin é aghaidh a thabhairt ar neamhionannas i dtaobh ionchas saoil.** Is iondúil go maireann daoine ardoilte níos faide agus iad ar scor, go páirteach mar gheall ar fhachtóirí a bhaineann le stíl mhaireachtála, agus tá an bhearna sin suntasach go háirithe i measc na bhfear. Téann daoine a bhain leibhéal ard oideachais amach isteach sa mhargadh saothair i bhfad níos déanaí ná iad siúd a bhfuil leibhéal níos ísle oideachais acu, agus fágann siad níos déanaí é chomh maith. D'fhéadfadh tionchar dáileacháin cúlchéimnitheach a bheith ag na difríochtaí sin san ionchas saoil agus in aoiseanna iontrála agus fágála an mhargaidh saothair. Ós rud é go bhfuil an aois inphinsin á hardú ag go leor tíortha mar fhreagairt ar an méadú atá ag teacht ar an bhfad saoil, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar chórais phinsin conairí scoir a choigeartú le haghaidh próifílí gairme éagsúla chun cosc a chur ar mhéadú an neamhionannais.

12. **Braitheann an chaoi a n-eascraíonn neamhionannas pinsin as neamhionannas tuillimh saothair go mór ar fhorchéimnitheacht an chórais pinsin.** In AE-27 agus san Iorua, déanann córais phinsin, ar an meán, aon cheathrú den neamhionannas tuillimh arna charnadh thar an saol oibre a fhritháireamh. Braitheann forchéimnitheacht an chórais pinsin ar ghnéithe éagsúla, mar shampla sochair ar ráta comhréidh agus sochair de réir tástáil acmhainne, uasteorainneacha ar phinsin ranníocacha, agus teidlíochtaí laghdaithe ar thuilleamh ard.

13. **Tuartar go mbeidh pinsin do dhaoine féinfhostaithe aon trian níos ísle ar an meán ná pinsin fostaithe lánaimseartha a bhfuil gairm chomhchosúil acu mar gheall ar dhifríochtaí sna rialacha agus sa mheántuilleamh.** Is minic a bhíonn pinsin ísle á dtuar do dhaoine féinfhostaithe mar thoradh ar rátaí ranníocaíochta comhréidhe nó níos ísle, bonn ranníocaíochta íseal nó córais phinsin nó chánach shimplithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag oibrithe i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha rochtain a fháil ar phinsin i dtíortha áirithe mar gheall ar cheanglais íostuillimh nó ama oibre nó roghanna teoranta chun teidlíochtaí a charnadh.

*– Léirigh córais phinsin na hEorpa athléimneacht in aghaidh géarchéimeanna –*

14. **Mhaolaigh córais phinsin na hEorpa agus na bearta a rinne sí i gcoinne na géarchéime tionchar ghéarchéim COVID-19 ar phinsin reatha agus ar phinsin a bheidh ann amach anseo.** Níor laghdaíodh íocaíochta pinsin i dtéarmaí ainmniúla. Bhí tionchar teoranta ag an ngéarchéim ar phinsin a bheidh ann amach anseo, a bhuí leis an méid seo a leanas: úsáid mhéadaithe scéimeanna coinneála post, ina bhfabhraítear teidlíochtaí pinsin go ginearálta; ranníocaíochtaí pinsin fóirdheonaithe; an síneadh a cuireadh le cosaint dífhostaíochta agus na saoire breoiteachta; agus bearta sonracha a théann chun tairbhe do dhaoine féinfhostaithe. Mar sin féin, bhí scéimeanna pinsin cistithe faoi réir luaineacht láidir le linn na tréimhse sin.

15. **Cé gur laghdaigh an rabharta boilscithe a chonacthas in 2022-23 fíorluach na bpinsean i bhformhór na mBallstát, bhí cosaint mhaith fós ag cumhacht cheannaigh na bpinsinéirí i gcomparáid le cumhacht cheannaigh an daonra in aois oibre.** Ar na bearta a bhí ann chun tacú le pinsinéirí, bhí innéacsú rialta agus méaduithe urghnácha sochair, forlíontaí pinsin agus sochair airgid eile. Ós rud é go bhfuil pinsinéirí ar ioncam íseal níos leochailí i leith boilsciú ard, thug roinnt mhaith tíortha tús áite dá gcosaint trí shochair íosta nó trí bhearta tacaíochta spriocdhírithe.

16. **Is príomhluamhán beartais é innéacsú pinsean chun pinsinéirí a chosaint ar chreimeadh ioncaim.** Mar sin féin, san fhadtéarma, ní choinníonn innéacsú pinsean suas go hiomlán le méaduithe ar thuilleamh ón obair i bhformhór na dtíortha. Cé gur gnách gur mó a théann innéacsú pá chun tairbhe do phinsinéirí ná innéacsú praghsanna, aisiompaíodh an cás sin le linn na tréimhse le déanaí ina raibh boilsciú ard. Tá minicíocht an innéacsaithe ríthábhachtach freisin chun leordhóthanacht a chosaint le linn méadú láidir ar phraghsanna.

**I bhfianaise na mbarúlacha sin, measann SPC agus an Coimisiún gur gá leanúint de na hiarrachtaí chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme.** Tá margaí saothair atá cuimsitheach agus láidir ríthábhachtach chun pinsin leordhóthanacha a choinneáil ar bun i sochaí atá ag dul in aois. Ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do bheartais náisiúnta chun pinsin leordhóthanacha a áirithiú trí mheascán leathan beartas, lena n-áirítear trí dhul i ngleic le neamhionannais inscne le linn an tsaoil oibre, trí thionchar na gcúraimí cúraim a mhaolú, agus trí chosaint shóisialta a áirithiú i ndáil le riachtanais chúraim. Na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun chun an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta agus an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacú le gníomhaíocht faoi chuimsiú chreat SPC agus faireachán a dhéanamh uirthi, is rannchuidiú tábhachtach iad chun ardchaighdeáin mhaireachtála a choinneáil d'Eorpaigh scothaosta. Mar a iarrtar sa bhosca uirlisí déimeagrafaíochta, ba cheart go gcuideodh beartais an Aontais agus beartais náisiúnta lena áirithiú gur féidir le daoine san Eoraip a mianta a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí na glúnta níos sine a chumhachtú agus a leas a chothú.

**Ní mór faireachán agus anailís leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht na cosanta sóisialta sa tseanaois, lena n-áirítear dlúthchomhordú idir an anailís ar inbhuanaitheacht an chaiteachais a bhaineann le haosú agus leordhóthanacht pinsean agus cúram fadtéarmach. I bhfianaise an mhéid sin, eagrófar machnamh comhpháirteach ar Thuarascálacha 2024 maidir le Leordhóthanacht Pinsean agus Aosú. Tuairisceoidh SPC agus an Coimisiún arís maidir le leordhóthanacht pinsean agus cúram fadtéarmach in 2027. Agus an méid sin á dhéanamh acu, féachfaidh siad le hanailís chomhleanúnach ar leordhóthanacht pinsean agus ar chúram fadtéarmach a fhorbairt, trí thuarascáil chomhpháirteach más féidir, chomh maith le sineirgí leis an Tuarascáil ar an Aosú a neartú a thuilleadh.**

---